KERRY

# PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA & POBAIL DO CHIARRAÍ 2023–2029

## Ráiteas Socheacnamaíochta

# CLÁR ÁBHAIR


**1** Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail – Réamhrá agus Comhthéacs 4

**2** Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chiarraí – Cur Chuige Comhtháite 5

**3** Céimeanna Forbartha Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chiarraí 6

**4** Anailís Shocheacnamaíochta – An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2022 7

**5** Príomhthreochtaí Socheacnamaíochta 11

**6** Láidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna agus Bagairtí 16

**7** Dréachtspriocanna Ardleibhéil 20

**8** Na Chéad Chéimeanna eile: Aontú ar Spriocanna Ardleibhéil, Cuspóirí & Torthaí 24

**9** Plean Forfheidhmithe 25

**10** Bíodh do thuairim agat – Comhairliúchán Poiblí 25


# 1 PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL – RÉAMHRÁ & COMHTHÉACS

Tá tús curtha ag Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Chiarraí agus ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha um Fhorbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Pobail in éineacht le Comhairle Contae Chiarraí le próiseas chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chiarraí (PÁEP) a ullmhú don tréimhse.

2023-2029. Soláthróidh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail creatphlean ardleibhéil sé bliana agus plean forfheidhmithe dhá bhliain chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gContae.

Tá an PÁEP mar chuid den phróiseas náisiúnta forghinearálta maidir le claochlú a leagtar amach in Tionscadal Éireann 2040 agus lena dtugtar san áireamh an Creat Náisiúnta Pleanála' (CNP) agus an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN). Caithfidh an PÁEP a bheith comhsheasmhach leis an bPlean Forbartha Contae Áitiúil agus leis an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta.


Is é atá de chuspóir leis an PÁEP, de réir mar a fhoráiltear dó san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ná na cuspóirí agus na gníomhartha a leagan amach, go ceann tréimhse sé bliana, is gá chun an fhorbairt eacnamaíochta agus an fhorbairt áitiúil agus pobail a chur chun cinn ar limistéar an Údaráis Áitiúil arna dhéanamh ag an Údarás Áitiúil féin go díreach agus i gcomhar le geallsealbhóirí forbartha eacnamaíochta & pobail eile.




***Foinse**: Pleananna Áitiúla Eacnamaíoch-ta agus Pobail PÁEP | Treoirlínte 2021*

## 2 PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL DO CHIARRAÍ (LECP) – CUR CHUIGE COMHTHÁITE

Is é aidhm an PÁEP ná comhoibriú a éascú idir gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, gnó agus an earnáil phobail agus dheonach, chun sineirgí a thiomáint chun cinn agus ailíniú a dhéanamh le polasaí áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach chun sruthanna maoinithe a ghiaráil.
Déanann an tÚdarás Áitiúil féin na gníomhartha a shainaithnítear a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha eacnamaíochta agus pobail eile.




***Foinse**: Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail PÁEP | Treoirlínte 2021*

# 3 CÉIMEANNA FORBARTHA AN PHLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL

Céimeanna Forbartha an PÁEP: Tá ceithre chéim sa phróiseas chun na PÁEP a fhorbairt: ullmhú, comhairliúchán poiblí, forbairt Spriocanna Ardleibhéil, cuspóirí agus torthaí, agus an PÁEP a thabhairt chun críche.

Tá tús curtha ag Comhairle Contae Chiarraí le próiseas chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chiarraí (PÁEP) a ullmhú don tréimhse 2023-2029. Tógfaidh an plean seo ar an méid a foghlaimíodh agus a baineadh amach sa PÁEP roimhe seo. Beidh an PÁEP ag iarraidh fís agus creat straitéiseach a sholáthar d'fhorbairt eacnamaíochta agus pobail atá comhtháite agus inbhuanaithe ar fud an chontae ar feadh na sé bliana atá amach romhainn. Tá an plean bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde agus comhairliúchán fairsing atá ar siúl ó lár na bliana 2023 ar aghaidh.

Tá PÁEP Chiarraí i gCéim 2 faoi láthair: Comhairliúchán Poiblí ar na céimeanna Forbartha, mar atá léirithe sa léaráid thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim 1: Ullmhúchán** | Anailís Shocheacnamaíochta | Ráiteas faoi Ghnéithe Socheacnamaíochta agus Spriocanna Ardleibhéil bunaithe ar Anailís Shocheacnamaíochta | Ullmhú: an Grúpa Comhairle. Ceadú: an CBS agus an CÁFP |
| **Céim 2: Comhairliúchán Poiblí** | Comhairliúchá n Poiblí on Spriocanna Ardleibhéil | Leasú an Ráitis bunaithe ar thoradh an chomhairliúcháin | Ullmhú: an Grúpa Comhairle. Ceadú: an CBS agus an CÁFP |
| **Céim 3: Cuspóirí agus Torthaí a Leagan Amach** | Cuspóirí agus torthaí a leagan amach go mion | Ullmhú: an Grúpa Comhairle. Ceadú: an CBS agus an CÁFP | Comhairle faoin Dréacht Deiridh leis na Ceantair Bhardasacha agus Tionóil Réigiúnacha |
| **Céim 4: Socrú críochnúil ar an bPlean** | Aontaíonn an CBS agus an CÁFP andréacht deiridh lehaird ar ábhar CB agus TR | Aontaíonn an ÚA an dréacht deiridh | An Plean faoi bhráid an Aire agus Foilsíonn an tÚA an Plean |
| **Céim 5: Cur i bhFeidhm** | Pleananna Forfheidhmiúcháin | Na hAcmhainní atá ar fáil a chur san áireamh | Cur i bhfeidhm leanúnach ar bhealach sochomhairle |
| **Céim 6: Monatóireacht agus Breithmheas** | Táscairí Feidhmíochta i ndáil leis na torthaí beartaithe | Bailiú leanúnach sonraí, staidéar cáis san áireamh | Tuarascáil forfheidhmiúcháin |

***Fíor 3**: Céimeanna Forbartha an PÁEP. Foinse: Treoirlínte an PÁEP 2021'*











# 4 ANAILÍS SHOCHEACNAMAÍOCHTA – AN PHRÍOMH–OIFIG STAIDRIMH (CSO) 2022

Chun eolas a thabhairt don PAÉP rinne Octavian Economics anailís ar shocheacnamaíochta an Chontae. Bhí an anailís seo bunaithe ar na sonraí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh chomh maith le sonraí ó fhoinsí eile atá pléite thíos.

Tá an daonra i gContae Chiarraí ag fás agus tá an pobal agus an geilleagar ag éirí níos beoga agus níos éagsúla. Is é dúshlán an PAÉP ná a chinntiú go mbeidh geilleagar cothrom agus athléimneach i gCiarraí agus go mbeidh sí cuimsitheach agus nasctha i gcomhréir leis an bhfás inár ngeilleagar. Leiríonn na infographics ar lch 9 &10 an fás seo.

Príomhfhorbairtí a léiríodh le linn an PÁEP roimhe seo ná an dul chun cinn suntasach i dtéarmaí sóisialta agus eacnamaíochta. Léiríonn an anailís ardú suntasach ar an líon daoine a bhfuil cáilíocht ardleibhéil acu. Le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) lonnaithe ar dhá champas anois, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (KETB) agus tionscnaimh nua oideachais ar fud na hearnála oideachais, cuireann sé seo bonn láidir ar fáil chun éiceachóras oideachais cuimsitheach agus nuálaíoch a bhaint amach. Tá daonra Chontae Chiarraí i 2022 i bhfad níos airde, éagsúil, níos gníomhaí go heacnamaíoch agus níos nasctha go digiteach ná mar a bhí i 2016.

Tá Ciarraí mar chuid de réigiún bríomhar fuinniúil iardheisceart na hÉireann[1]. Is ionann sin agus 25% den Luach Comhlán Breisithe sa Stát. Mar sin féin, fanann leibhéal ioncaim indiúscartha an Chontae faoi mheán an Stáit. Tá na Spriocanna Ardleibhéil atá molta sa PÁÉP ag iarraidh eacnamaíocht an Chontae a uasmhéadú le fócas ar leith ar fhorbairt inbhuanaithe acmhainní nádúrtha.

Coiméadann Contae Chiarraí a chlú ríthábhachtach mar ceann scríbe turasóireachta ceannródaíoch, ina bhfuil an céatadán is airde de ghnóthaí a bhaineann le Turasóireacht i gcomparáid le haon chontae eile in Éirinn, ag cinntiú go bhfuil bunús maith leis an sprioc chun Ciarraí a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta idirnáisiúnta inbhuanaithe agus athghiniúnach.

Tá fás láidir ar ghníomhaíocht fiontraíochta san earnáil Seirbhísí Airgeadais, agus tá gníomhaíocht mhéadaithe sna hearnálacha Gairmiúla, Eolaíochta agus Teicniúla chomh maith le hEarnálacha na nEalaíon Cruthaitheach agus Siamsaíochta.

[1] 1Sonraí 2020 (CSO) ar Oll-Bhreisluach do Chorcaigh agus Ciarraí (arna dhearadh mar réigiún an Iardheiscirt ag an bPríomh-Oifig Staidrimh).

# DAONRA CHIARRAÍ


**156,458**

*CSO CENSUS 2022*

Tá méadú **6%** Ó 2016

Tá **3%** de dhaonra na hÉireann i gCiarraí

An méanaois i gCiarraí ná **41.5**



## DAONRA CIARRAÍ MIONDEALÚ

**19%** de dhaonra Chiarraí os cionn 65 bliana d'aois

**24,664** líon na ndaoine i gCiarraí a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil nó níos minice. Is ionann daonra na Gaeltachta I gCiarraí agus **9.3%** de phobal labhartha na Gaeilge sa Stát

**13.3%** Is neamhnáisiúnacha 13.3% de dhaonra Chiarraí

**23.8%** Tá cáilíocht ardleibhéil ag 23% de dhaonra Chiarraí



Tá deiseanna oideachais ann don **19%** a d'fhág an scoil roimh 18 chun filleadh thar n-ais trí chúrsaí agus chláir le Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí

**18.1%** Rugadh 18.1% de dhaonra Chiarraí lasmuigh d'Éirinn i gcomparáid le 20% den stát


## CIARRAÍ CONTAE SLÁINTÚIL

**83.5%** Deir 83.5% de dhaonra Chiarraí go bhfuil a sláinte 'go maith' nó 'an-mhaith'

Daoine le míchumais **33,810**

***Foinse**: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*

# GEILLEAGAR CHIARRAÍ



Is ionann leibhéal ioncaim indiúscartha Chiarraí (per capita) agus 87.7% de mhéanioncaim an Stáit.

Tá Ciarraí mar chuid de réigiún bríomhar an Iardheiscirt, arb ionann é agus 25% den Ollbhreisluach sa Stát.

## FIONTAR

**11,596**
Gnónna i gCiarraí

**12.48%**
Is i gCiarraí atá an sciar is airde de ghnónna turasóireachta in Éirinn

## LUCHT SAOTHAIR

(AIBREÁN 2022)

**72,243**
Líon na ndaoine sa lucht saothair

**58.1%**
Rannphháirtíocht sa Lucht Saothair
Fireann **63.7%** Baineann **52.6%**

Fostaíocht láidir i dtionscadail thraidisiúnta ar nós feirmeoireacht & Óstáin / Lóistín

**5.3%** **4.5%**

## EARNÁLACHA ATÁ AG FÁS

(2019 - 2022)

| | |
|---|---|
| **Seirbhisí Airgeadais** | +66.4% |
| **Na hEalaíona Cruthaitheacha & Siamsaíochta** | +15.2% |
| **Gairmiúil, Eolaíoch & Teicniúil** | +16.7% |

## TITHÍOCHT

**77,305**
77,305 – Tá **Stoc Tithíochta** measartha ard i gCiarraí.
Tá an ráta folúntais (11%) ard freisin i gcomparáid le meán an Stáit de 7.7%

**75%**
**Meánphraghas Tí** a thugann le fios go bhfuil ardluach ar Chiarraí mar áit chun lonnú
(IÚIL 2023)

## IDIRLÍON




Daonra Chiarraí a bhfuil an t-idirlíon acu.

*Foinse: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*

# 5 PRÍOMHTHREOCHTAÍ SOCHEACNAMAÍOCHTA

**Earnálacha Eacnamaíochta agus Slite Beatha**

Is iad na príomhearnálacha fostaíochta i gCiarraí ná, Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola (12%), Sláinte agus Cúram Sóisialta (10%), Seirbhísí Cóiríochta agus Bia (9%), Oideachas (9%), Déantúsaíocht (8%) agus Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht. (6%). Léiríonn tábhacht na n-earnálacha feirmeoireachta agus óstáin/lóistín (i gcomparáid leis an meán náisiúnta) go bhfuil oidhreacht shaibhir talmhaíochta agus táirgthe bia i gCiarraí agus í mar phríomhshuíomh turasóireachta.

| Earnáil Fostaíochta | Uimhreacha Fostaithe | Céatadán |
|---|---|---|
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola | 8,786 | 12% |
| Gníomhaíochtaí sláinte agus oibre sóisialta | 7,686 | 10% |
| Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhíse bia | 6,753 | 9% |
| Oideachas | 6,340 | 9% |
| Déantúsaíocht | 6,279 | 8% |
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht, mianadóireacht | 4,573 | 6% |
| Tógáil | 4,154 | 6% |
| Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach | 3,813 | 5% |
| Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla | 3,269 | 4% |
| Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta | 2,089 | 3% |
| Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 2,068 | 3% |
| Faisnéis agus cumarsáid | 1,819 | 2% |
| Ealaíona, siamsaíocht agus caitheamh aimsire | 1,240 | 2% |
| Iompar agus stóráil | 1,633 | 2% |
| Gníomhaíochtaí seirbhíse eile | 2,767 | 4% |
| Ní luaitear an tionscal | 4,276 | 6% |
| Dífhostaithe - ag lorg a gcéad phost rialta | 1,132 | 2% |
| Dífhostaithe - tar éis post roimhe seo a chailliúint nó a thabhairt suas | 5,666 | 7% |
| **Iomlán sa lucht saothair** | **74,243** | **100%** |

***Foinse:*** *Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*


### Fiontar

De réir an tsuirbhé is déanaí "Déimeagrafaíocht Ghnó" ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a chlúdaigh forbairtí suas go dtí 2021, bhí 11,596 fiontar san iomlán gníomhach sa Chontae. Tá an céatadán is airde d'fhiontair a bhaineann le Turasóireacht i gCiarraí (i gcomparáid le haon chontae in Éirinn) ag 12.48%. Thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh fás láidir ar ghníomhaíocht fiontraíochta sna hearnálacha Miondíola Bia, Seirbhísí Airgeadais agus Siamsaíochta, Ealaíon agus Ceardaíochta. D'fhulaing an earnáil Seirbhísí Bia agus Dí agus Cóiríochta sa tréimhse 2019 go 2021 go príomha mar gheall ar thionchar na paindéime.

Léiríonn na sonraí fás dearfach ar an bhfiontraíocht tar éis laghdú le linn An Géarchéim Airgeadais Dhomhanda.

| Líon na bhfiontar de réir earnála eacnamaíochta | 2019 | 2020 | 2021 | 2019–2021 % athrú |
|---|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí Seirbhíse Airgeadais, gan Árachas agus Maoiniú Pinsin a áireamh | 107 | 143 | 178 | +66.4% |
| Gairmiúil, Eolaíoch agus Teicniúil | 995 | 1058 | 1162 | +16.7% |
| Cruthaitheach, Ealaíona agus Gníomhaíochtaí Siamsaíochta | 198 | 206 | 228 | +15.2% |
| Táirgí Bia, Deochanna agus Tobac | 102 | 105 | 126 | +23.5% |
| Lóistín* | 490 | 474 | 498 | +1.6% |
| Gníomhaíochtaí Bia & Deoch* | 697 | 689 | 672 | |

***Foinse**: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022 * Chuir paindéim Covid-19 2020 go 2021 isteach ar Sheirbhísí Cóiríochta, Bia & Deochanna*




***Foinse**: Staitisticí ón Lár Oifig Staidrimh 2022*

## Oideachas

Tuairiscítear i nDaonáireamh 2022 gurb é 23.8% an céatadán den daonra go bhfuil céim/ iarchéim/PhD acu. Cé go léiríonn na staitisticí gur fhág 21.4% de dhaonra Chiarraí in aois 15+ an scoil, sular shroich siad ocht mbliana déag d'aois is léiriú é seo freisin ar dhéimeagrafach níos sine Chiarraí.

Is é 27.6% meán náisiúnta dóibh siúd a bhfuil céim/iarchéim/PhD acu agus is é 18.8% an meán náisiúnta do dhaoine 15+ a d'fhág an scoil sular bhain siad ocht mbliana déag d'aois amach.

Mar sin féin, bhí na feabhsuithe san ardú sa chéatadán le céim/iarghrád/PhD agus an titim sa chéatadán a d'fhág an scoil roimh ocht mbliana déag d'aois a bhaint amach – ag teacht go mór leis an méid a bhí ag tarlú go náisiúnta.

| Leibhéal is airde Oideachais bainte amach ag aois 15+ | 2011 | 2022 |
|---|---|---|
| **Chiarraí** | | |
| An Teastas Sóisearach agus faoina bhun | 29.3% | 21.4% |
| Céim, Iarchéime, PhD | 17.3% | 23.8% |
| **An Meán Náisiúnta** | | |
| An Teastas Sóisearach agus faoina bhun | 26.5% | 18.8% |
| Céim, Iarchéime, PhD | 20.5% | 27.6% |

***Foinse**: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*

## Míchumas agus Sláinte

Ba é 83.5% céatadán na ndaoine a luaigh sláinte "Maith," nó "An-mhaith" i gcomparáid le 86.3% in 2016 agus 87.9% in 2011. An meán náisiúnta ná 82.9% i 2022, 87.0% I 2016 agus 88.3% i 2011.

Ba é líon na ndaoine faoi mhíchumas, mar atá sainmhínithe ag an sainmhíniú is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ná 33,810 nó 21% den daonra.

| An Daonra le Sláinte "Maith" nó "An-Mhaith" | 2011 | 2016 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **Chiarraí** | 87.9% | 86.3% | 83.5% |
| **An Meán Náisiúnta** | 88.3% | 87.0% | 82.9% |

***Foinse**: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*

**Tithíocht**

An stoc tithíochta atá sa Chontae ná 77,305, agus é cothrom le 3.7% d'iomlán an Stáit, níos airde ná sciar an chontae de dhaonra an Stáit. Mínítear é seo toisc an líon ard de thithe saoire atá i gCiarraí, le 8,896 teach saoire neamháitithe taifeadta i nDaonáireamh 2022.

Ag 11.0%, tá an t-ochtú ráta folúntais tí is airde sa tír ag Ciarraí i gcomparáid le meánráta folúntais tí an Stáit de 7.7%. Léiríonn an Innéacs ar phraghasanna tithe cónaithe is déanaí[2] ón bPríomh-Oifig Staidrimh nach bhfuil an Meánphraghas Tí i gCiarraí ach 75% de Phraghas Meánach an Stáit.

| Stoc Tithíochta agus Rátaí Folúntais, 2022 | Chiarraí | Éire | Sciar Chiarraí |
|---|---|---|---|
| Stoc Tithíochta | 77,305 | 2,112,121 | 3.7% |
| Tithe Saoire Neamháitithe | 8,896 | 66,956 | 13.1% |
| Tithe Folamh | 8,487 | 166,752 | 5,2% |
| Ráta Folúntais | 11.0% | 7.7% | |
| Roinn Tithe Saoire Neamháitithe | 11.5% | 3.2% | |

***Foinse**: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*

**Ag taisteal chun na hoibre, Ag obair ón mBaile & Leathanbhanda**

Tá feabhas suntasach tagtha ar sheirbhisí leathanbhanda i gCiarraí agus méadú tagtha ar líon na teaghlach a raibh Idirlíon acu go 72.7% i 2022, rud a léiríonn feabhas ar fhigiúirí 2016. Bhí 25.3% do dhaoine I gCiarraí ag obair ón mbaile ar a laghad lá amháin sa tseachtain i 2022.

I gCiarraí tá tábhacht faoi leith ag baint le hearnálacha mar thalmhaíocht agus turasóireacht, earnálacha a bhfuil gá do dhaoine a bheith i láthair go fhisiciúil. Mar sin, is fearr Ciarraí a chur i gcomparáid le contaetha eile atá ar an gcósta seachas i gomparáid leis an meáin náisiúnta: Na figiúirí coibhéiseacha don Chlár, Dún na nGall agus Maigh Eo ná 29%, 22.6% agus 23.8%.

| Contae | Ag obair ón mbaile | Bliain |
|---|---|---|
| **Chiarraí** | 23.5% | 2022 |
| **an Chláir** | 29% | 2022 |
| **Dhún na nGall** | 22.6% | 2022 |
| **Mhaigh Eo** | 23.8% | 2022 |


***Foinse**: Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh 2022*

[2] Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh: 12 mhí go dtí Iúil 2023.

**An Ghaeltacht**

Mhéadaigh daonra an dá limistéar pleanála teanga Gaeltachta – Ciarraí Theas agus Ciarraí Thiar – ó 8,756 go 9,036, nó 3.7%, le linn na tréimhse idirdhaonáirimh 2016 agus 2022. Ba é 71.8% an méid daoine a bhí ag labhairt Gaeilge i 2022, rud a fhágann go raibh sé sa tríú háit is airde i ndiaidh Chorcaí agus Phort Láirge. Tá sé seo suas ó 71.2% i 2016 ach síos ó 74.5% in 2011.

Thit an méid daoine i gCiarraí Theas a labhraíonn Gaeilge ó 62.7% go 58.7% ach d'ardaigh sé beagainín ó 71.2% go 71.7% i gCiarraí Thiar. Tá feabhas suntasach tagtha ar usáid seirbhisí leathanbhanda sa dá limistéar, ag ardú go 61.1% i gCiarraí Theas agus go 71.6% i gCiarraí Thiar.




***Foinse**: Léarscáil de Theanga Ghaeltacht Chiarraí Limistéir phleanála*

**Éagsúlacht**

Tá meadú tagtha ar líon na neamhnáisiúnaigh atá ina gcónaí sa tír seo ó 12.5% i 2016 go 13.3% I 2022.

Chuir an contae lena dhaonra ilghnéitheach trí fáilte a chur roimh líon suntasach imirceach, go háirithe ón Úcráin.

Ag deireadh na bliana 2023 bhí 9,512 Úcránaigh i gCiarraí, an figiúr ab airde d'aon chontae lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus an líon is airde teacht isteach d'aon údarás áitiúil sa Stát. Tá 9.3% de na hÚcránaigh ar fad a thagann isteach sa tír seo lonnaithe i gCiarraí. Tá 2,814, 2,539 agus 2,520 ag fanacht sna Thoghcheantair Áitiúla (LEA – Local Electoral Areas) an Neidín, Chill Airne agus Thrá Lí, na trí líon is airde de theacht isteach ón Úcráin as na 166 LEA ar fud an stáit. (sonraí ón *bPríomh-Oifig Staidrimh* – 15 Nollaig 2023).

# 6 LÁIDREACHTAÍ, DÚSHLÁIN, DEISEANNA AGUS BAGAIRTÍ

## LÁIDREACHTAÍ

- Contae nuálach fiontraíochta ina bhfuil timpeallacht ghnó thacúil agus teacht ar scileanna agus tallann.
- Déanann braisle aerfort idirnáisiúnta freastal ar Chiarraí, rud a thugann rochtain ar 18 n-aerlíne agus 180 ceann scríbe ar fud an domhain - 86 bealach díreach go Meiriceá Thuaidh, go dtí an Eoraip agus go dtí an Ríocht Aontaithe san áireamh.
- Contae Ollscoile, atá lonnaithe i réigiún a aithnítear mar ionad suntasach don oideachas 3ú leibhéal ina bhfuil teacht ar cheithre ollscoil.
- Contae nuálach ina bhfuil cuideachtaí domhanda i dteicneolaíocht an airgeadais, teicneolaíocht talmhaíochta, innealtóireacht, déantúsaíocht agus teicneolaíochtaí in-athnuaite lonnaithe.
- Líonra de mhoil fiontraíochta/nuálaíochta ar ionaid nua-aimseartha iad, ina mbíonn fiontraithe, nuálaithe agus fiontair ag comhoibriú.
- Teacht ar líonraí láidre gnó agus ar bhraislí atá bunaithe cheana féin sna hearnálacha Eolaíochta, Cógaisíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Turasóireachta.
- Tá Braislí Náisiúnta áirithe lonnaithe i gCiarraí: is iad sin an Bhraisle um Bithgheilleagar Ciorclach agus Braisle Teicneolaíocht Talmhaíochta na hÉireann.
- Contae ina bhfuil bonneagar straitéiseach eacnamaíoch, Páirc Theicneolaíochta Chiarraí san áireamh.
- Éiceachóras rathúil de ghnóthais bheaga agus mheánmhéide.
- Cultúr láidir comhair agus comhoibrithe ar fud na bpríomhpháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí, san earnáil phobail agus san earnáil phríobháideach.
- Struchtúir phobail agus struchtúir dheonacha atá réamhghníomhach agus athléimneach.
- Branda turasóireachta a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le láithreáin turasóireachta atá aitheanta ar fud an domhain, e.g. Slí an Atlantaigh Fhiáin, Páirc Náisiúnta Chill Airne, Mórchuaird Chiarraí, agus Sceilg Mhichíl atá ina láithreán ainmnithe de chuid UNESCO.
- Bailte agus sráidbhailte bríomhara mealltacha a thacaíonn le gníomhaíocht tráchtála, gníomhaíocht shóisialta agus gníomhaíocht chónaithe.
- Tírdhreacha nádúrtha den scoth agus sócmhainní atá ar na cinn is fearr san Eoraip.
- Áiseanna áineasa allamuigh - glasbhealaí, infreastruchtúr spóirt, tránna brataí goirme, sliabhraonta, cúrsaí gailf agus conairí siúil.
- Tá Cathaoirleach UNESCO maidir le Corpoideachas, Spórt, Aclaíocht agus Áineas Ionchuimsitheach lonnaithe i gCampas Spóirt Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.
- Gaeltachtaí agus bailte seirbhíse Gaeltachta bríomhara
- Contae atá saibhir ó thaobh na cruthaitheachta, an chultúir, na hoidhreachta agus na Gaeilge de.
- Diaspóra tacúil Chiarraí

## DÚSHLÁIN

- Bonneagar feabhsaithe agus uasghrádaithe uisce agus fuíolluisce a fhorbairt chun forbairt eacnamaíoch agus forbairt chónaithe a chothú agus a mhéadú.
- Gá leanúnach le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne.
- Tá gá le neartú breise a dhéanamh ar an N21 & N22 agus nascacht a mhéadú tríd an gcóras iompair phoiblí ar mhaithe le nascacht le suíomhanna uirbeacha agus leis na príomh-aerfoirt idirnáisiúnta.
- Is dúshlán é soghluaisteacht iompair inbhuanaithe mar gheall ar mhéid, suíomh agus topagrafaíocht an chontae.
- Daonra atá ag dul in aois.
- Daoine óga a choinneáil.
- Cruthaíonn déimeagrafaic athraitheacha an daonra dúshláin do sheirbhísí tacaíochta agus tacaíochtaí imeasctha.
- Déimeagrafach agus fás éagothroime laistigh den Chontae.
- Dúshláin ó thaobh scileanna agus tallann a bhaint amach d'earnálacha áirithe agus líon na ndaoine a thugann faoi cheirdeanna agus printíseachtaí a fhorbairt.
- Leibhéal gnóthachtála san oideachas tríú leibhéal a mhéadú.
- Spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach chun trasdul atá cothrom agus cóir a chinntiú do gach earnáil.
- Iomaíocht leanúnach in Éirinn agus lasmuigh di chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus forbairt mhéadaithe ar ghnóthais easpórtála a bhaint amach.
- Éagsúlú Eacnamaíochta.



## DEISEANNA

- Léiríonn rath cuideachtaí dúchasacha agus domhanda an cumas atá ann oibriú go hidirnáisiúnta ó Chiarraí.
- Ciarraí a chur chun cinn mar bhonn ghnó d'oibríochtaí idirnáisiúnta agus Dara Láithreán.
- Nascacht aeir chuig an gContae a uasmhéadú, trí Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí agus aerfoirt réigiúnacha na Sionainne agus Chorcaí.
- Rochtain agus nascacht a mhéadú tríd an N22 a shíneadh go Trá Lí agus Seachbhóthar Áth Dara an N21 a chur i gcrích.
- Tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí, agus acmhainn agus minicíocht na seirbhísí iarnróid a fheabhsú leis.
- Pleanáil a dhéanamh maidir leis an bhfás a tharlóidh sna hionaid uirbeacha agus maidir le hacmhainn bhreise tráchtála a fhorbairt.
- Teicneolaíocht talmhaíochta agus nuálaíochtaí níos leithne a fhorbairt ag an leibhéal seirbhíse idirnáisiúnta.
- Neartú A Dhéanamh ar an éiceachóras inmheánach a thacaíonn le fás agus leathnú Micreaghnóthais agus FBManna.
- Turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt agus béim á cur ar éiceathurasóireacht, cultúr, dúlra, folláine agus féilte/imeachtaí a mheallfaidh déimeagrafach nua cuairteoirí agus a chuirfidh leis an séasúr.
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar bhainistiú inbhuanaithe áineasa allamuigh agus seirbhísí coimhdeacha, Glasbhealaí, Páirceanna Náisiúnta, Tránna, Conairí Siúil san áireamh
- Ainmniú UNESCO a lorg agus deiseanna gaolmhara a fháil don phobal agus don gheilleagar áitiúil.
- Acmhainn Chalafort na Fianaite agus deiseanna eile a bhaineann le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile a uasmhéadú.
- Deiseanna oiriúnaithe aeráide a uasmhéadú agus tacú leis an aistriú go pobail dhigitithe agus dhícharbónaithe.
- Tírdhreach nádúrtha den scoth atá ina áit tharraingteach do dhaoine le maireachtaint agus le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann.
- Cósta atá ina acmhainn shuntasach ó thaobh fiontair a bhaineann le hiascach pobaldhírithe, gnóthais dobharshaothraithe agus gormbhealaí.
- Éiceachóras oideachais rathúil a chuireann deiseanna ar fáil chun mic léinn, scileanna agus tallann a mhealladh.
- Comhoibriú láidir le Cumainn Lucht Tráchtála, Comhghuaillíochtaí Pobail agus Líonraí Gnó a dhéanann ionadaíocht ar mhicrighnóthais, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí IDC (infheistíocht dhíreach eachtrach), agus pobail áitiúla.
- Struchtúir láidre rialachais agus caidrimh a chur i bhfeidhm chun tacú le cónaitheoirí Chiarraí a bheith gníomhach, nasctha agus rannpháirteach ina bpobail féin.
- Cruthaíonn an t-athrú déimeagrafach deiseanna eacnamaíocha agus pobail.

## BAGAIRTÍ

- Éagobhsaíocht gheopholaitiúil ar fud an domhain.
- Tionchar fisiceach, comhshaoil agus eacnamaíoch an athraithe aeráide.
- Daonra atá ag dul in aois
- Imirce daoine óga.
- Tosca tarraingthe na mórionad daonra ar chúiseanna fostaíochta agus stíl mhaireachtála.
- Tionchair ar ghnóthais mar gheall ar mhéadú i gcostais oibriúcháin, e.g. fuinneamh agus bainistíocht slabhra soláthair.
- Timpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú.
- Leochaileacht i leith athruithe domhanda eacnamaíocha agus/nó sláinte, go háirithe sna príomhearnálacha amhail turasóireacht agus talmhaíocht.
- Tírdhreach athraitheach na mBeartas: Tionchar ionchasach athruithe sa bheartas náisiúnta nó AE ar an ngeilleagar áitiúil.










# 7 DRÉACHTSPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

**Spriocanna Ardleibhéil (SAL) Eacnamaíochta**

| SAL 1 Geilleagar éagsúil cothrom a thacaíonn le cruthú post agus le pobail bhríomhara inbhuanaithe. | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Tacú le fás na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide. |
| 2 | An t-éiceachóras fiontraíochta a fheabhsú, lena n-áirítear Moil Nuálaíochta agus Cnuas-ea-graíochtaí. |
| 3 | Ciarraí a mhargú agus a chur chun cinn mar áit le hoibriú ann, le maireachtaint ann, le hinfheistiú a dhéanamh ann, agus le dul ar cuairt ann. |
| 4 | Cur chuige comhtháite áitbhunaithe a éascú maidir le cúrsaí athnuachana. |
| 5 | Acmhainneacht shuíomhanna straitéiseacha Chiarraí agus IDC (Infheistíocht Dhíreach Choigríche/Eachtrach) a uasmhéadú. |

| SAL 2 Príomhcheann scríbe turasóireachta idirnáisiúnta atá inbhuanaithe agus athspreagthach | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Straitéis nua Turasóireachta 2024 - 2029 a fhorbairt. |
| 2 | Príomhbhonneagar straitéiseach a fhorbairt chun tacú le turasóireacht inbhuanaithe agus inrochtana. |
| 3 | Eispéiris turasóireachta gníomhaíochta a fheabhsú (e.g. glasbhealaí, bealaí siúlóide agus bealaí cósta). |
| 4 | Tacú chun Pleananna Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe a chur i ngníomh. |

| SAL 3 Contae atá cliste, nuálach agus nasctha. | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Tacú le dícharbónú na gcóras iompair, agus modhanna inbhuanaithe taistil a chur chun cinn. |
| 2 | Nascacht réigiúnach agus náisiúnta a fheabhsú. |
| 3 | Tacú chun aer-rochtain réigiúnach a choinneáil agus a leathnú. |
| 4 | Tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta Inbhear na Sionainne agus Chalafort na Fianaite a chur chun cinn. |
| 5 | Ciarraí a chur chun cinn mar Chontae Cliste. |

| SAL 4 Contae a dhéanann acmhainn agus forbairt eacnamaíoch a chuid acmhainní nádúrtha a uasmhéadú ar shlí inbhuanaithe | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Tacú le forbairtí foraoiseachta inbhuanaithe. |
| 2 | Na hearnálacha muirí agus dobharshaothraithe a fhorbairt go hinbhuanaithe. |
| 3 | Táirgeadh bia agus agra-theicneolaíocht inbhuanaithe a fhorbairt. |
| 4 | Tacú le soláthar inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite, agus éascaíocht a dhéanamh air. |

**Spriocanna Ardleibhéil (SAL) Pobail**

| SAL 5 Pobail atá nasctha, ionchuimsitheach agus athléimneach | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Bailte agus sráidbhailte tuaithe a fhorbairt mar mhoil bheoga do ghníomhaíochtaí tráchtála, pobail agus sóisialta. |
| 2 | Príomhstraitéisí a chur i ngníomh (Straitéis Aoisbhá 2024-2029, Straitéis um Imeascadh Imirceach 2024-2029, etc.). |
| 3 | Aghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta trí rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí áitiúla, agus acmhainn a mhéadú do phobail ar mhaithe le rochtain a fháil ar an teicneolaíocht agus leas a bhaint aisti. |
| 4 | An Clár Náisiúnta Tithíochta a chur i bhfeidhm. |
| 5 | A chinntiú go réitítear an tslí do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus rochtain a bheith acu ar sheirbhísí agus taitneamhachtaí cuí. |

| SAL 6 Contae Sláintiúil Gníomhach ina gcuirtear folláine chun cinn | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Creat Chiarraí Sláintiúil 2021-2027 a chur i ngníomh. |
| 2 | Tionscnaimh chruthaitheacha a fhorbairt chun sláinte agus folláine do chách a chur chun cinn. |
| 3 | Cultúr na rannpháirtíochta gníomhaí a spreagadh, ag tacú le rochtain chuimsitheach ar spórt agus ar ghníomhaíocht choirp. |





**Spriocanna Ardleibhéil (SAL) Eacnamaíochta agus Pobail**

| SAL 7 Geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Plean Gníomhaíochta Aeráide Chiarraí agus an Plean Oiriúnaithe Aeráide a chur i ngníomh. |
| 2 | Méadú a dhéanamh ar fheasacht agus athléimneacht an phobail i leith an athraithe aeráide. |
| 3 | Tionscnaimh inbhuanaithe athspreagthacha pobail agus geilleagair áitiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn. |

| SAL 8 Éiceachóras oideachais atá ionchuimsitheach agus nuálach | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Uasmhéadú a dhéanamh ar stádas Chiarraí mar Chontae Ollscoile. |
| 2 | Forbairt foghlama ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil a chur chun cinn. |
| 3 | Tacú le leathnú na nInstitiúidí Tríú Leibhéal agus a n-acmhainn taighde, agus a gcláir a chur i gcomhréir le riachtanais an tionscail. |

| SAL 9 Contae cruthaitheach atá saibhir ó thaobh na nEalaíon, an Chultúir agus na hOidhreachta de | |
|---|---|
| **Cuspóirí:** | |
| 1 | Straitéis Ealaíon Chiarraí & Straitéis Cruthaitheachta & Cultúir Chiarraí a chur i ngníomh. |
| 2 | Oidhreacht chultúrtha agus teanga Chiarraí a chosaint agus a fheabhsú. |
| 3 | Tacú chun na Pleananna Gaeilge agus na Bailte Seirbhísí Gaeltachta a chur i bhfeidhm. |














# 8 NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE:
# SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL, CUSPÓIRÍ & TORTHAÍ A AONTÚ

**Spriocanna Ardleibhéil a Nascadh le Gnéithe Eacnamaíochta agus Pobail**

Is é príomhghné an PÁEP ná sraith Spriocanna Ardleibhéil don phlean comhtháite a leagan amach. Thacófar leis na spriocanna sin trí chuspóirí inbhuanaithe faoi na sruthanna eacnamaíocha agus pobail. Déanfaidh gach cuspóir atá leagtha amach na torthaí féideartha agus na táscairí ardleibhéil don tréimhse pleanála 6 bliana a mheas.




***Fíor 14**: Spriocanna, cuspóirí agus torthaí ardleibhéil a nascadh*

# 9 AN PLEAN FORFHEIDHMITHE

Tacóidh Gníomhaíochtaí le baint amach na cuspóirí mar chuid de phróiseas an Phlean Forfheidhmithe 2 bhliain. Tabharfar breac-chuntas sa phlean ar na gníomhaíochtaí sonracha, atá faoi cheangal ama agus intomhaiste, atá le baint amach sa tréimhse sin. Tá na gníomhartha seo roghnaithe ar bhonn tosaíochta agus ag cur san áireamh na hachmhainní atá ar fáil i dtréimhse an phlean chomh maith le maoiniú trí shruthanna maoinithe éagsúla.

Plean ilghníomhaireachta a bheidh sa Phlean Forfheidhmithe le raon leathan gníomhartha soláthraithe seirbhíse a bhaineann leis na Spriocanna Ardleibhéil agus na cuspóirí mar atá leagtha amach.

Bunófar Príomhtháscairí Feidhmíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn an phlean.




***Fíor 15**: Gníomh, Príomhtháscairí Feidhmíochta & Monatóireacht & Measúnú*

# 10 BÍODH DO THUAIRIM AGAT – COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Tugtar cuireadh don phobal freastal ar sheimineár gréasáin ar líne a bheidh ar siúl Dé Céadaoin an 7 Feabhra 2024 ag 5.30pm. Tabharfar cuireadh d'aighneachtaí le linn na hócáide ar na Spriocanna agus na Cuspóirí Ardleibhéil atá beartaithe.

Beidh ceistneoir ar líne beo ar www.kerrycoco.ie  chun rannpháirtíocht phoiblí bhreise a éascú.

Úsáidfear an t-aiseolas a gheofar ó na comhairliúcháin chun eolas a thabhairt don PÁEP.

KERRY